



Lucsamburg, 13 Deireadh Fómhair 2022

Tuarascáil bhliantúil 2021 Na deich gceist is coitianta

1. Cén ról atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a mhéid a bhaineann le cuntais an Aontais Eorpaigh?

Gach bliain, seiceálaimid cuntais chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh agus tugaimid tuairim ar thrí cheist ar leith: an bhfuil na cuntais beacht, an bhfuarthas ioncam an Aontais i gcomhréir leis na rialacha agus an ndearnadh íocaíochtaí i gcomhréir leis na rialacha. Is iad na seiceálacha sin a bhíonn mar bhunús dár **ráiteas dearbhaithe**, a bhfuil sé de cheangal orainn é a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

In 2021, ba é **€181.5 billiún** a bhí i gcaiteachas an Aontais. Seasann sé sin do 1.3 % d'ollioncam náisiúnta Bhallstáit an Aontais le chéile. Nuair a dhéantar an caiteachas ó chistí a bhí curtha i leataobh don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur san áireamh (€46.5 billiún), ba é €228.0 billiún a bhí i gceist le híocaíochtaí ón Aontas in 2021.

2. Conas a dhéantar an caiteachas ó phacáiste an Aontais don téarnamh ón bpaindéim a léiriú sa tuarascáil bhliantúil?

Is pacáiste airgeadais é NextGenerationEU (NGEU) ina bhfuil roinnt clár éagsúil chun tacú le Ballstáit an Aontais ina dtéarnamh eacnamaíoch i ndiaidh phaindéim COVID-19. Tá cuid de na cláir sin á gcistiú faoi cheanteidil den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, agus déantar na híocaíochtaí de réir na samhla agus na rialacha do thabhairt i gcrích atá ann do CAI. Os a choinne sin, déantar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), arb ionann é agus thart ar 90 % de chistiú NGEU, a thabhairt i gcrích ar bhealach atá go hiomlán éagsúil ón gcaoi a ndéantar caiteachas as buiséad an Aontais faoi CAI. Cé go n-íoctar tairbhíthe de chaiteachas bhuiséad an Aontais as gníomhaíochtaí áirithe a ghlacadh nó go ndéantar athchistiú leo as costais a tabhaíodh, is amhlaidh – faoi RRF – go n-íoctar Ballstáit as garspriocanna nó spriocanna réamhshainithe a bhaint amach go sásúil. Den chéad uair riamh, tá **tuairim ar leithligh** tugtha againn i dtaobh **chaiteachas RRF** chomh maith le caibidil ar leith a bheith ann dó sa tuarascáil bhliantúil.

3. Cad í conclúid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa do 2021?

Chuireamar ár séala le cuntais 2021 á rá go raibh siad **beacht** (tuairim 'ghlan' tugtha), faoi mar a rinneamar le haghaidh gach bliain airgeadais ó 2007 i leith. Tháingamar ar an gconclúid gur thug cuntais 2021 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais an Aontais, ar a chuid torthaí don bhliain, ar a shreabh airgid agus ar na hathruithe ina ghlansócmhainní.

Fuaireamar go raibh an t-ioncam saor ó earráid ábharthach. Maidir leis an gcaiteachas, tugaimid dhá thuairim ar leithligh: ceann ar bhuiséad an Aontais agus ceann eile ar RRF.

Bhí an meastachán den leibhéal earráide i gcaiteachas bhuiséad an Aontais ag 3.0 %. Is ionann sin agus méadú i gcomparáid le 2019 agus 2020, nuair a bhí an meastachán sin ag 2.7 %. Mar ab amhlaidh sa dá bhliain roimhe sin, tháingamar ar an gconclúid go raibh an earráid sin forleatach agus, dá bhrí sin, d'éisíomar **tuairim neamhfabhrach**.

Den chéad uair riamh, d'eisíomar tuairim ar leithligh don chaiteachas faoi RRF. Clúdaíonn ár dtuairim an t-aon íocaíocht amháin a rinneadh le Ballstát (an Spáinn) in 2021. Cé go bhfuairamar nach raibh garsprioc amháin comhlíonta go hiomlán, measaimid nach raibh an tionchar gaolmhar ábharthach agus, dá bhrí sin, d'eisíomar **tuairim ghlan**.

4. Cad a chiallaíonn an leibhéal earráide atá measta againn?

Seasann an figiúr de 3.0 % dár meastachán ar an **méid airgid nár cheart a bheith íoctha amach** as buiséad an Aontais mar gheall, dar linne, nár caitheadh é i gcomhréir le rialacha an Aontais nó leis na rialacha sonracha náisiúnta sna Ballstáit.

I measc na n-earráidí coitianta, tá siad seo a leanas: íocaíochtaí le tairbhíthe nó tionscadail neamh-incháilithe; nó íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí nó earraí a cheannach nó infheistíochtaí a dhéanamh gan na rialacha maidir le soláthar poiblí a bheith curtha i bhfeidhm mar is ceart.

5. An gciallaíonn sé sin gur cuireadh 3.0 % d'airgead an Aontais amú?

Ní chiallaíonn. Ní bheadh sé cruinn é sin a rá, mar go bhfuil difríocht mhór idir 'earráid' agus 'diomailt'. Agus caiteachas as buiséad an Aontais á thástáil againn, seiceálaimid an ndearnadh airgead an Aontais a chaitheamh de réir na rialacha, an ndearnadh na costais a gearradh a ríomh go cuí, agus an ndearnadh na coinníollacha incháilitheachta a chomhlíonadh. Sa chás nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de na ceanglais sin á gcomhlíonadh, tugaimid 'earráid' air sin. Sin é a chiallaíonn an figiúr seo de 3.0 %.

Cé go bhfuil íocaíochtaí le haghaidh tionscadal nó do thairbhíthe nach gcomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta i gceist leis na hearráidí sin, d'fhéadfaidís fós féin na tairbhí a bhí beartaithe a chur ar fáil. Sa chás sin, ní raibh na híocaíochtaí dlíthiúil agus rialta (bíodh sin go páirteach nó go hiomlán), ach **ní féidir a rá gur diomailt a bhí iontu**. Mar shampla, rinneamar iniúchadh ar thionscadal le haghaidh cúnamh éigeandála in Éirinn. Cé go bhfuairamar earráidí a bhain leis an nós imeachta soláthair, rud a d'fhág go raibh an caiteachas neamh-incháilithe le haghaidh cistiú ón Aontas, chuir an tionscadal cóiríocht (lena n-áirítear béilí) ar fáil do lucht lorgtha tearmainn.

Ar ndóigh, is féidir le caiteachas a bheith dleathach agus rialta ach é a bheith ina dhiomailt chomh maith céanna. Sampla de sin a thuairiscíomar roimhe seo is ea bonneagar calafoirt a bhí á thógáil agus gan aird chúí tugtha ar na leibhéil lastais a bhí tuartha ina leith.

6. Ar calaois atá i gceist leis na hearráidí a fuarthas?

I bhformhór mór na gcásanna, níl aon chomhartha calaoise ann. Is caimiléireacht d'aon ghnó atá sa chalaouis ar mhaithe le buntáiste a bhaint amach. Cé gur féidir leis a bheith deacair calaois a shainiú trí na gnáthnósanna imeachta iniúcháireachta, tagann líon áirithe cásanna de chalaouis amhrasta chun solais gach bliain ag éirí as an tástáil a dhéanaimid.

In 2021, thuairiscíomar 15 chás de chalaouis amhrasta as an iomlán de 743 idirbheart a chuireamar faoi iniúcháireacht. Thuairiscíomar na cásanna sin chuig OLAF, Oifig Frith-Chalaoise an Aontais Eorpaigh, a dhéanann cásanna den sórt sin a imscrúdú agus a thugann faoi obair leantach de réir mar is gá i gcomhar leis na húdaráis sna Ballstáit. Rinneadh ceann de na cásanna sin a thuairisciú ag an am céanna chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), mar aon le cás breise a sainiú in 2021.

7. Cad a chiallaíonn 'earráid fhorleatach' agus caiteachas 'ardriosca'?

Measadh gur caiteachas ardriosca a bhí i mbeagnach dhá thriain den chaiteachas as buiséad an Aontais in 2021. Cé gurb é 3.0 % an meastachán atá againn den leibhéal earráide don chaiteachas

iomlán, méadaíonn sé sin go dtí 4.7 % nuair a scrúdaítear caiteachas ardriosca as féin. Mar gheall ar an ualach substaintiúil atá ag an gcineál sin caiteachais faoin gcaiteachas iomlán (63.2 %), measaimid go bhfuil an earráid sin forleatach, i.e. go bhfuil sí ar fáil sa phobal iomlán faoi iniúchóireacht nó i **gcuid shuntasach** den phobal sin.

Tagraíonn caiteachas ardriosca go príomha don **athchistiú a dhéanann an tAontas Eorpach** ar chostais incháilithe le haghaidh gníomhaíochtaí incháilithe (de réir rialacha casta). Mar shampla, déantar athchistiú le haghaidh tionscadail taighde (faoi 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach'), infheistíocht i bhforbairt réigiúnach agus tuaithe (faoi 'Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna' agus 'Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaoil'), agus tionscadail don chabhair forbartha (faoi 'An Chomharsanacht agus an Domhan'). I mbliana, mhéadaigh an sciar den chineál sin caiteachais go dtí 63.2 % (i gcomparáid le 59.0 % in 2020).

Baineann caiteachas ísealriosca le **híocaíochtaí atá bunaithe ar theidlíocht**, a dhéantar le tairbhíthe a chomhlíonann coinníollacha áirithe (nach bhfuil chomh casta). Mar shampla, bheadh siad seo a leanas i gceist le híocaíochtaí den sórt sin: comhaltachtaí mac léinn agus taighde (faoi 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach'); cabhair dhíreach d'fheirmeoirí (faoi 'Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaoil'); agus tuarastail agus pinsin d'fhoireann an Aontais (faoi 'Riarachán Poiblí Eorpach').

8. Cad is tuairim 'ghlan/choinníollach/neamhfabhrach' ann?

Ciallaíonn tuairim **'ghlan'** go dtugann na figiúirí sna cuntais léargas fíorcheart ar an staid airgeadais, agus go bhfuil siad de réir na rialacha atá ann do thuairisciú airgeadais agus do bhainistiú airgeadais. Tá na hidirbhearta is bun leis na cuntais dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

Ciallaíonn tuairim **'choinníollach'** nach bhféadfadh na hiniúcháirí tuairim ghlan a thabhairt, ach nach bhfuil na fadhbanna a sainithníodh forleatach.

Tugann tuairim **'neamhfabhrach'** le tuiscint go bhfuil fadhbanna forleathana ann.

9. Cad is leibhéal earráide 'ábharthach' ann?

I dtéarmaí iniúchóireachta, ciallaíonn sé sin **an leibhéal ag a meastar go bhfuil éifeacht shuntasach ag earráidí má tá siad os a chionn**. Is é is dóichí go mbeidh tionchar ag leibhéal ábharthach earráide ar na cinntí a dhéanann na húsáideoirí a bhfuil tuarascáil iniúchóireachta beartaithe lena n-aghaidh. Úsáidimidne agus an Coimisiún Eorpach **tairseach de 2 %** chun ábharthacht a chinneadh.

10. Cén fáth a bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil ag trácht ar rioscaí a bhaineann le pacáiste faoisimh COVID-19?

Leanfaidh paidéim COVID-19 de thionchar an-suntasach a bheith aici ar staid airgeadais an Aontais Eorpaigh: do thréimhse airgeadais 2021-2027, is é €1 824 billiún a bheidh i gceist leis an leithdháileadh cistí as ionstraim NextGenerationEU (NGEU) agus as an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) le chéile; sin **beagnach a dhá oiread de chaiteachas** le hais mar a bhí ann sa thréimhse roimhe seo de CAI.

Ag an am céanna, tá a mhéid atá na Ballstáit ag ionsú cistí as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIEnna) fós níos moille ná mar a bhí beartaithe. Tháinig méadú, áfach, in 2021 ar an ionsú as cistí CSIE 2014-2020. Faoi dheireadh 2021, ní raibh ach 67 % den chistiú ón Aontas a bhí comhaontaithe do thréimhse 2014-2020 íoctha amach.

Bhí **gealltanais le hÍoc** ar an leibhéal is airde riamh ag €341.6 billiún: €251.7 billiún a bhain le buiséad an Aontais (íslithe ón leibhéal is airde riamh de €303.2 billiún ag deireadh 2020) agus €89.9 billiún i ngealltanais nua le hÍoc a bhain le NGEU.

Mhéadaigh neamhchosaint iomlán bhuiséad an Aontais i leith **dlíteanais theagmhasacha** ó €131.9 billiún in 2020 go dtí €277.9 billiún in 2021. Is í an phríomhchúis a bhí leis sin ná €91.0 billiún a eisíodh i mbannaí chun pacáiste NGEU a mhaoiniú in 2021, agus méadú de €50.2 billiún a tháinig ar chúnamh airgeadais a tugadh do Bhallstáit chun cosaint a thabhairt do phoist agus oibríthe a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu.

Tá Tuarascáil bhliantúil 2021 ón gCúirt Iniúchóirí ar fáil in 24 theanga an Aontais ag eca.europa.eu.